



C/2024/5404

16.9.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ón Giudice di pace di Rimini (an Iodáil) a taisceadh an 1 Iúil 2024 – Balneari
Rimini v Comune di Rimini**

(Cás C-464/24, Balneari Rimini)

(C/2024/5404)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Giudice di pace di Rimini

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Balneari Rimini

Cosantóir: Comune di Rimini

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An dtagann lámhaltais talún cósta faoi úinéireacht stáit a úsáidtear chun críche turasóireachta agus gníomhaíochtaí fóillíochta, amhail an ceann atá ag an iarratasóir – nach soláthraítear leo seirbhísí sonracha don eintiteas conarthach, ach a fheidhmítear gníomhaíocht eacnamaíoch ar thalamh faoi úinéireacht an Stáit – faoi chatagóir lámhaltais seirbhíse agus, má thagann, an dtagann siad faoi raon feidhme an údaráithe dá dtagraítear i dTreoir 2006/123/CE ⁽¹⁾ agus/nó Treoir 2014/23/AE, ⁽²⁾ mar chomhaontuithe áirithe a bhfuil sé mar chuspóir acu ceart an oibreora eacnamaíoch leas a bhaint as fhearainn nó acmhainní poiblí áirithe faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí, amhail talamh, lena mbunaíonn an Stát coinníollacha ginearálta dá n-úsáid amháin, de réir chinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i míreanna 45 go 48 de bhreithiúnas an 14 Iúil 2016, Promoimpresa S.r.l. agus Melis (C-458/14 agus C-67/15, EU:C:2016:558)?
2. Beag beann ar fhreagra na Cúirte ar an gcéad cheist, an bhfuil lámhaltais trá cosúil leis an gceann atá ag an iarratasóir, ar cuireadh tús leo roimh an 28 Nollaig 2009, lasmuigh de raon feidhme Threoir 2006/123/CE de bhun Airteagal 44 den treoir sin, mar is léir ó mhír 73 de bhreithiúnas na Cúirte an 20 Aibreán 2023 in Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato v Comune di Ginosa (C-348/22, EU:C:2023:301)?
3. Beag beann ar fhreagra na Cúirte ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist, an gcaithfear Airteagal 195 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe i bhfianaise Airteagal 345 CFAE agus Airteagal 1(5) de Threoir 2006/123/CE, a léiriú sa chaoi go n-eisiatar lámhaltais talún cósta faoi úinéireacht an Stáit a úsáidtear chun críocha turasóireachta agus gníomhaíochtaí fóillíochta, amhail an ceann atá ag an iarratasóir, a fheidhmíonn in earnáil na turasóireachta, ó raon feidhme na dtreoracha comhchuibhithe amhail Treoir 2006/123/EC?
4. Beag beann ar fhreagra na Cúirte ar an gcéad cheist, ar an dara ceist agus ar an tríú ceist, an gcaithfear Airteagal 51 (Airteagal 45 de Chonradh CE roimhe seo) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 2(2)(i) de Threoir 2006/123/CE a léiriú sa chaoi go n-eisiatar lámhaltais talún cósta faoi úinéireacht an Stáit a úsáidtear chun críocha turasóireachta agus gníomhaíochtaí fóillíochta, amhail na cinn atá ag an iarratasóir, a dhéanann gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas an phobail ar thalamh faoi úinéireacht an Stáit go comhsheasmhach agus go rialta, amhail maoin phoiblí a chaomhnú, sláinte phoiblí agus sláinteachas a chosaint, ceart daoine faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar ríomhéiliteiripe agus ar ghníomhaíochtaí snámha a chosaint, chomh maith le gníomhaíochtaí turasóireachta, cultúrtha agus comhshaoil ó raon feidhme Airteagal 49 CFAE agus an Treoir um Sheirbhísí?

⁽¹⁾ Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36).

⁽²⁾ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lámhaltais a dhámhachtain (IO 2014 L 94, lch. 1).